Derry City & Strabane
District Council
Comhairle
Chathair Dhoire &
Cheantar an tSratha Báin
Derry Cittie & Stràbane
Destrìck Cooncil

Comhairle Chathair Dhoire agus
Cheantar an tSratha Báin

# Gaeilge & Fáilte

## An 2ú Eagrán

NOLLAIG 2022




www.derrystrabane.com

Derry City & Strabane District Council
Comhairle Chathair Dhoire & Cheantar an tSratha Báin
Derry Cittie & Stràbane Destrick Council

# Fáilte

**Tá fáilte romhat chuig Gaeilge & Fáilte - nuachtlitir Ghaeilge Comhairle Chathair Dhoire & Cheantar an tSratha Báin.**
**Sa nuachtlitir seo gheobhaidh tú eolas maidir le Seirbhísí Gaeilge na Comhairle mar aon le heolas faoi imeachtaí atá ag tarlú i saol na Gaeilge fud fad an cheantair Chomhairle.**

**San eagrán seo den nuachtlitir, caithfidh muid súil siar ar na himeachtaí iontacha a tharla i rith na bliana agus na himeachtaí eile atá le tarlú amach anseo. Amharcfaidh muid ar na deiseanna atá ar fáil do phobal na Gaeilge agus déanfaidh muid ceiliúradh ar na rudaí iontacha atá idir lámha ag pobal na Gaeilge fud fad an cheantair Chomhairle chomh maith.**









## Seirbhísí Gaeilge na Comhairle

Cuireann Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin réimse seirbhísí ar fáil do phobal na Gaeilge.  Mar chuid de na seirbhísí seo, is féidir Gaeilge a labhairt linn nuair a chuireann tú scairt orainn, iarratas a dhéanamh ar do shráidainm a fháil aistrithe go Gaeilge, foirmeacha agus iarratais a chomhlánú i nGaeilge, mar aon le réimse leathan seirbhísí Gaeilge eile.

Má tá seirbhís uait i nGaeilge déan teagmháil leis an Oifigeach Gaeilge, Erin Hamilton, ar an líne Ghaeilge: (028) 71376 579 nó seol ríomhphost chuig gaeilge@derrystrabane.com
Chomh maith le sin, má tá seirbhís uait nach bhfuil ar fáil faoi láthair, déan teagmháil linn.
Is féidir teacht ar liosta iomlán de na seirbhísí ag:
www.derrystrabane.com/gaeilge

## Déan Teagmháil Linn

**Ríomhphost:** gaeilge@derrystrabane.com
**Guthán:** 028 71 376579 (Líne Ghaeilge)
**Facebook:** facebook.com/foramphobalnagaeilge
**Twitter:** twitter.com/foramphobal

**www.derrystrabane.com**

# Ag Déanamh Iarratas ar Shráidainm Dátheangach




Is féidir leis an phobal iarratas a chur isteach ar Chomhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin le leagan Gaeilge de shráidainm nó ainm bóthair a fháil.
Tá seoladh ríomhphoist úr cruthaithe anois do na hiarratais seo.
Cuir ríomhphost chuig duallanguagesignage@derrystrabane.com ag lua ainm na sráide nó an bhóthair ar a bhfuil tú i do chónaí agus cuirfidh an Chomhairle tús leis an phróiseas chun tuairimí an phobail ar an tsráid nó ar an bhóthar a mheas.




# Island Voices 2022



Cuireadh tús leis an sraith léachtaí Island Voices 2022 ar an 22ú Meán Fómhair 2022 i Músaem an Túir leis an Ollamh Michael Cronin. 'Down to Earth: The Irish Language and Ecological Survival' a bhí mar theideal ar a chaint agus tugadh léiriú thar a bheith suimiúil don lucht éisteachta ar thionchar na Gaeilge ar thodhchaí inbhuanaithe na hÉireann.

Tharla an dara chaint sa sraith i Halla na Cathrach i nDoire ar an 26ú Deireadh Fómhair leis an scríbhneoir Manchán Magan. Bhí an áit lán go dorais ag éisteacht le caint Mhancháin; 'Listen to the Landspeak: The Lost Wisdom of the Land' agus é ag plé an ceangal saibhir atá ann idir an teanga agus an tírdhreach atá thart orainn.

# Seoladh Leabhair Dave Duggan: Ór agus Mil



Sheol an Méara Comhairleoir Sandra Duffy úrscéal úr leis an údar áitiúil Dave Duggan i bParlús an Mhéara i nDoire ar an 4ú Deireadh Fómhair. Bhí an t-ádh dearg orainn ar an lá sliocht ón leabhar iontach seo a chluinstin chomh maith.

## People & Place le Dr. Lauren Ní Néill



Bhí lúcháir an domhain orainn fáilte a chur roimh Dr. Lauren Ní Néill chuig Músaem an Túir i nDoire ar an 9ú Samhain leis an cheardlann iontach People & Place a chur i láthair dúinn. Is ceardlann thar a bheith suimiúil í seo a phléann leis an oidhreacht uathúil a bhaineann lenár logainmneacha agus an stair shaibhir a bhaineann leo. Tá an cheardlann seo curtha ar fáil ag Conradh na Gaeilge agus maoinithe ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha. Gabhann muid buíochas leis an Rannóg Dea-Chaidrimh i gComhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin a thacaigh leis an imeacht chomh maith.

# Nollaig 2022

Beidh an Nollaig buailte linn Dé Domhnaigh 4ú Nollaig nuair a thagann Gaelscoileanna na gceantar, Comhairle na Gaelscolaíochta agus Cultúrlann Uí Chanáin le chéile i Halla na Cathrach i nDoire le ceiliúradh a dhéanamh ar an Ghaeloideachas agus an Nollaig san aon áit amháin. Beidh idir ealaíon agus ceardaíocht ar siúl, réimse earraí Gaeilge ar díol ó ghnólachtaí beaga agus siamsaíocht ar fáil ar an lá agus tá seans ann go mbeidh aoi nó dhó speisialta ag tabhairt cuairt ar an lá chomh maith!

Tá fáilte roimh gach duine teacht agus ceiliúradh a dhéanamh linn idir 2pm – 4pm. Tá an Méara Comhairleoir Sandra Duffy ag tacú leis an imeacht seo chomh maith.





# Sona Sásta/ Happy Days

Tá suíomh gréasáin úr seolta leis an phobal a chur ar an eolas faoi na himeachtaí ar fad atá ag tarlú fud fad an Iarthuaiscirt. Bunaíodh an togra Sona Sásta trí Chomhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin agus Comhairle Contae Dhún na nGall ag obair le chéile, chomh maith le tacaíocht ó Chomhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann.

Cuireadh tús le Sona Sásta le gach rud atá ag tarlú sa cheantar áitiúil a chur in aon áit amháin, le spás a chruthú ar féidir le teaghlaigh léirmheasanna iontafa a roinnt ann, agus le teaghlaigh a spreagadh chun:

- **Suim níos mó a chur sa chultúr áitiúil**
- **Triail a bhaint as rudaí nua**
- **Aithne a chur ar phobail eile**
- **A gcuid taithí féin a roinnt ar na meáin shóisialta chun daoine eile a spreagadh bheith páirteach**

Ba mhaith linn grúpaí agus eagraíochtaí Gaeilge i nDoire, Dún na nGall agus Tír Eoghain a spreagadh chun an leagan Gaeilge den lógó a úsáid (Sona Sásta), agus bheith ag scríobh agus ag roinnt eolais as Gaeilge faoi imeachtaí ar an suíomh.

Má bhíonn tú ag eagrú imeachta amach anseo, thig leat é a chur chun cinn ar an suíomh, áit a mbeidh na sonraí ar fáil do chách.
**https://happydaysnw.com/**






Image by Sergiu Valena @ Unsplash

# Fóram Phobal na Gaeilge



Tagann Fóram Phobal na Gaeilge le chéile gach ráithe le cúrsaí forbartha teanga a phlé. Tugtar cuireadh d'eagraíochtaí, ghrúpaí agus dhaoine aonair a bhfuil suim acu dul i mbun plé faoin Ghaeilge, dheiseanna comhoibre agus faoi cheisteanna straitéiseacha agus forbartha teanga bheith i láthair.

Tharla an cruinniú is déanaí in oifigí na Comhairle i nDoire ar an 15ú Meán Fómhair nuair a bhailigh Gaeilgeoirí ó gach chearn den cheantar le chéile ar son cruinniú fiúntach agus dearfach. Más mian leat féin bheith páirteach sna cruinnithe seo nó má tá ceist agat faoin dóigh a n-eagraítear cruinnithe déan teagmháil leis an Oifigeach Gaeilge ag: gaeilge@derrystrabane.com nó cuir scairt ar an líne Ghaeilge ar: 028 71 376579

# I mBéal an Phobail

## Fógra ó Bhunscoil Colmcille, Doire




# Agallamh le Abbie Carlin



Tá Abbie Carlin i mbliain 14 ar Choláiste Chnoc na nDealg i nDoire agus ag déanamh staidéar ar an Ghaeilge don Ardleibheál. Chaith Abbie 3 lá ar thaithí oibre le hOifigeach Gaeilge Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin, Erin Hamilton. Chuir Erin Abbie faoi agallamh le fáil amach a taithí féin leis an Ghaeilge agus an saol mar atá sí mar scoláire Gaeilge. Seo agallamh Abbie a leanas:

**Inis dom Abbie, cá fhad atá tú ag foghlaim Gaeilge anois?**
Thosaigh mé ag foghaim Gaeilge nuair a bhí mé 11 bliain d'aois nuair a thosaigh mé ar Choláiste Chnoc na nDealg. Tá mé ag déanamh mo Ardleibheál Gaeilge anois agus is breá liom an teanga mar go bhfuil sé ag cuidiú liom níos mó a fhoghlaim faoi mo chultúir féin agus cuidíonn sé le daoine óga foghlaim faoin a gcultúir chomh maith.

**Cadé an rud is fearr leat faoin Ghaeilge?**
Is fearr liom bheith ag caint le daoine eile a labhraíonn Gaeilge agus creidim go n-osclaíonn an teanga a lán doirse do Ghaeilgeoirí chomh maith. Is teanga iontach sóisialta í agus tá a lán le déanamh leis an Ghaeilge taobh amuigh den scoil chomh maith.

**An bhfuil rud ar bith nach maith leat faoin Ghaeilge?**
Ní maith liom an t-aistriúchán ach taobh amuigh de sin níl rud ar bith nach maith liom faoin teanga. Creidim go bhfuil sí deacair mar theanga agus strusmhar in amanna, go háirithe ag am scrúduithe ach is breá liom an Ghaeilge don mhórchuid.

An mbíonn tú páirteach i saol na Gaeilge taobh amuigh den scoil?
Cuirim téacsanna chuig mo chairde as Gaeilge agus bainim úsáid as aipeanna as Gaeilge. D'fhreastal mé ar chúrsaí Gaeltachta ar feadh cúpla bliain chomh maith agus ba bhreá liom dul ar ais chun na Gaeltachta i mbliana arís más féidir.

**An bhfuil tú ag iarraidh leanstan ar aghaidh leis an Ghaeilge i ndiaidh na scoile?**
Ba bhreá liom leanstan ar aghaidh leis an Ghaeilge go cinnte ar an ollscoil agus tá mé ag iarraidh post a bheith agam in earnáil na Gaeilge sna todhchaí le cuidiú Dé.

**Más mian leat ábhar scéil a mholadh don chéad nuachtlitir eile, nó má tá scéal agat féin a ba mhaith leat a fhógairt bíodh fáilte romhat an t-eolas a chur chuig gaeilge@derrystrabane.com nó déan teagmháil leis an Oifigeach Gaeilge ar an Líne Ghaeilge T: 028 71 376 579.**

Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin

# Gaeilge & Fáilte

An 2ú Eagrán

NOLLAIG 2022

Derry City & Strabane District Council
Comhairle Chathair Dhoire & Cheantar an tSratha Báin
Derry Cittie & Stràbane Destrick Cooncil

**Tá an Nuachtlitir seo ar fáil i bhformáidí éagsúla lena n-áirítear cló mór, braille, formáidí fuaime (CD, MP3, DAISY) agus mionteangacha.
Tuilleadh eolais faoi fhormáidí eile:
guthán: 028 71 253253
nó
ríomhphost: equality@derrystrabane.com**

www.derrystrabane.com